

Tá beagnach duine amháin as gach ceathrar san Aontas Eorpach i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Ní hionann dálaí maireachtála, leibhéil bhochtaineachta agus conairí isteach sa bhochtaineacht agus amach aisti d'fhir agus do mhná. Bíonn difríochtaí ann ina leith sin i rith a saoil freisin. Is daoine óga (18-24 bliain d'aois) iad 10 % de na boicht ar fad san Aontas Eorpach (!). Cé nach bhfuil ach difríocht bheag ann idir fir agus mná maidir leis an sciar díobh atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta ag an gcéim sin den saol, is léir go ndéanann an neamhionannas inscne dochar méadaitheach do mhná de réir mar a théann siad in aois. I gcomparáid le fir scothaosta, is airde i bhfad an baol go bhfulaingeoídh mná scothaosta an bhochtaineacht nó an t-eisiamh shóisialta.

Dul i ngleic leis an mbochtaineacht ar feadh an tsaoil

Cuid dhílis den straitéis Eoraip 2020 is ea an bhochtaineacht agus an t-eisiamh shóisialta a dhíothú. Is é an aidhm atá leis an ngealltanas sin 20 milliún duine ar a laghad a tharrtháil ón mbochtaineacht faoin mbliain 2020. Tá dúshlán le sárú ag na Ballstáit, áfach, má tá siad chun an sprioc sin a bhaint amach. Go deimhin, tá méadú tagtha ón mbliain 2010 i leith ar an líon daoine atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht.

Den chuid is mó, is iad mná i ngach aoisghrúpa atá sa bhaol is mó go bhfulaingeoídh siad an bhochtaineacht. I gcomparáid le fir, is amhlaidh, i rith an tsaoil, go bhfaigheann siad ioncam níos ísle, go mbíonn seans níos fearr ann go n-oibreoidh siad i bpoist neamhbhuana ar phá íseal agus go dtógann siad níos mó sosanna gairme de bharr freagrachtaí cúraim. Is é an toradh a bhíonn ar an neamhionannas sin ar feadh an tsaoil go gcruthaítear bearnaí ioncaim, spleáchas eacnamaíoch agus baol níos airde go bhfulaingeoídh siad an bhochtaineacht. Bíonn an méid sin ar fad is suntasaí i measc daoine scothaosta ná aon aoisghrúpa eile. Is mórábhar imní é sin toisc gur mná atá i bhformhór an phobail ar fud an Aontais Eorpaigh, ar pobal é a bhíonn ag dul in aois.

Aithnítear sa pheirspictíocht conaire saoil na naisc atá ann idir na céimeanna difriúla de shaol an duine agus breithnítear inti an dóigh a dtagann athruithe le linn an tsaoil le chéile chun tionchar a imirt ar gach céim eile.

Aithnítear i mbeartais an Aontais Eorpaigh an difear a dhéanann an neamhionannas carnach don bhochtaineacht agus don spleáchas eacnamaíoch i measc na mban scothaosta. Rinne an Coimisiún Eorpach bearta tábhachtacha chun an bhearna phinsin idir na hinscní a dhúnadh. Chomh maith leis sin, d'íarr sé ar na Ballstáit dul i ngleic leis an ardleithéadúlacht oibre páirtaimseartha agus an dul chun cinn tuillimh réasúnta íseal atá le brath i measc

(!) Ach amháin nuair a shonraítear a mhalairt, is ó shuirbhéanna Eurostat (EU-LFS nó EU-SILC) a rinneadh sa bhliain 2014 a tógadh na sonraí ar fad a chuirtear i láthair sa bhileog fíricí seo.



na mban toisc gur féidir leo sin díobháil a dhéanamh do theidlíochtaí pinsin. Léiríonn na tionscnaimh bheartais sin go bhfuil sé riachtanach peirspictíocht inscne agus peirspictíocht conaire saoil a chomhtháthú isteach i ngach céim de dhéanamh beartas ar mhaithe le comhionannas a bhaint amach idir fir agus mná san Aontas Eorpach agus in áiteanna níos faide i gcéin.

Cén difear a dhéanann an bhochtaineacht do dhaoine san Aontas Eorpach?

Bíonn níos mó i gceist leis an mbochtaineacht i measc na bhfear agus na mban ná an easpa bunacmhainní a bhíonn acu le maireachtáil. Baineann sí freisin leis an easpa gníomhaíochtaí sibhialta, sóisialta agus cultúrtha ar féidir leo dul ina mbun agus leis an easpa deiseanna a bhíonn acu ó thaobh rannpháirtíochta polaitiúla agus soghluaisteachta sóisialta de. Laistigh den chreat Eoraip 2020, tagraíonn coincheap an duine "atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta" do dhuine a mhaireann i dteaghlach:

- Atá i mbaol na bochtaineachta airgeadaíochta;
- A bhfuil géardhíth ábhartha air; nó
- A bhfuil isealdéine oibre ann.


Tá daoine óga san Aontas Eorpach i mbaol is mó na bochtaineachta

Bíonn tionchar fadtéarmach ag an mbochtaineacht le linn na hóige. San Aontas Eorpach inniu, tá beagnach aon chúigiú de na boicht (19 %) faoi bhun 16 bliana d'aois. Fágann sé sin go bhfuil beagnach 23 milliún leanbh ag maireachtáil i dteaghlach bhochta.

Ós rud é go ndearna an ghéarchéim eacnamaíoch difear ar leith dóibh, is iad fir agus mná óga atá i mbaol is mó na bochtaineachta san Aontas Eorpach. Sa bhliain 2014, bhí thart ar aon trian de dhaoine óga idir 18 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Bhí an sciar sin beagáinín ní b'airde i measc na mban.

Tá seans maith ann go mbeidh deacracht ag daoine óga post a fháil tar éis dóibh a gcuid staidéir a chríochnú. Is thar a bheith ard atá an ráta dífhostaíochta i measc daoine óga (15-24 bliain d'aois). Tá sé cothrom le 20 % d'fhir agus mná araon (23 % d'fhir agus 21 % do mhná sa bhliain 2014), i gcomparáid le 10 % don phobal ar fad.

Fanann a lán daoine óga sa bhochtaineacht, fiú amháin i gcás go bhfuil post acu. I gcomparáid le haoisghrúpaí eile, tá seans níos fearr ann go n-oibreoidh siad i bpoist fhorbhásacha, go háirithe i gcás gur fhág siad an scoil go luath. Tá beagnach leath na mban agus níos mó ná aon trian d'fhir idir 20 bliain d'aois agus 24 bliana d'aois (gan mic léinn a áireamh) ag obair i bpost forbhásach (?). Sa bhliain 2014, bhí an céatadán de dhaoine a bhí ag obair agus a bhí i mbaol na bochtaineachta airgeadaíochta go fóill (an bhochtaineacht lucht oibre) cothrom le 15 % do mhná óga agus 12 % d'fhir óga idir 18 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois. Is ionann na figiúirí sin agus an ráta bochtaineachta lucht oibre



Ó thaobh na bochtaineachta de, tosaíonn an bhearna idir na hinscní ag méadú sa tseanaois. Tá an ráta is airde bochtaineachta le brath i measc daoine atá 75 bliana d'aois nó níos sine

is airde i measc na n-aoisghrúpaí uile. Tá cosaint níos fearr ar an mbochtaineacht ag daoine óga a chónaíonn lena dtuismitheoirí go fóill nó a fhaigheann tacaíocht airgeadais uathu.

Bíonn mná scothaosta faoi réir an neamhionannais ar feadh an tsaoil

Ó thaobh na bochtaineachta de, tosaíonn an bhearna idir na hinscní ag méadú sa tseanaois. Tá an ráta is airde bochtaineachta le brath i measc daoine atá 75 bliana d'aois nó níos sine (i gcomparáid le 15 % d'fhir, tá 22 % de mhná i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta). Baineann an neamhionannas inscne an bonn go córasach ó neamhspleáchas eacnamaíoch na mban ar feadh an tsaoil, rud a fhágann go mbíonn seans i bhfad níos fearr ann go dtitfidh siad sa bhochtaineacht níos déanaí sa saol. Tá roinnt dúshlán éagsúil roimh mhná sa mhargadh saothair, lena n-áirítear iad seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- Meánráta fostaíochta a bhíonn faoi bhun mheánráta fostaíochta na bhfear ar bhonn leanúnach;
- Ard-dóchúlacht go mbeidh siad ag obair i bpost páirtaimseartha (32 % do mhná i gcomparáid le 8 % d'fhir);


- Ró-ionadaíocht sna hearnálacha is ísle pá ina mbíonn líon beag deiseanna gairme nó méaduithe malla ar thuilleamh;
- Ardbhaol go mbeidh siad ag obair i bpost forbhásach.

Ina theannta sin, éiríonn mná as an margadh saothair níos luaithe ina saol ná fir agus is airde an líon ban ná an líon fear a dhéanann amhlaidh roimh aois scoir (is ionann agus 52 % an ráta neamhghníomhaíochta do mhná atá idir 55 bliana d'aois agus 64 bliana d'aois. Is é 36 % an figiúr comhfhreagrach d'fhir san aoisghrúpa sin).

Bíonn tionchar ollmhór ar staid na mban sa mhargadh saothair ag freagrachtaí cúraim agus freagrachtaí eile teaghlaigh. Is nithe iad sin nach bhfaightear íocaíocht ina leith, nach dtugtar aitheantas ceart dóibh agus nach ndáiltear go cothrom de ghnáth. Baineann an fhadhb sin le hábhar ar fud shaol oibre na mban, fiú nuair atá siad ag dul in aois. Cuireann geall le 10 % de mhná atá 50 bliain d'aois nó níos

(?) EIGE (2017, atá le teacht), Inscne, scileanna agus obair fhorbhásach san Aontas Eorpach, Nóta taighde.

Fíor 1 – Ráta na ndaoine atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta de réir inscne agus aoisghrúpa (AE-28, 2014)



Foinse: Eurostat, EU-SILC (ilc_peps01).

sine in iúl gurb é de thoradh ar fhreagrachtaí teaghlaigh nó cúraim nach bhfuil siad gníomhach sa mhargadh saothair agus ag lorg oibre a thuilleadh. Tá saol oibre na mban sna 28 mBallstát den Aontas Eorpach (AE-28) 5.1 bliain níos lú ná saol oibre na bhfear sna Ballstáit sin. Is amhlaidh sin de bharr sosanna gairme le linn an tsaol oibre. Cúis eile leis is ea go n-éiríonn siad as an margadh saothair níos luaithe.

Is é an toradh atá ar na dálaí oibre agus na patrúin ghairme sin nach mbíonn ach beagán neamhspleáchais eacnamaíoch ann do mhná ar fud a saoil, go háirithe nuair atá siad ag dul in aois. Dá bharr sin, is lú na pinsin a bhíonn acu. Sa bhliain 2014, bhí an mheánbhearna inscne i bpinsin san Aontas Eorpach chomh hard le 40 % ⁽³⁾.

Cad is féidir a dhéanamh chun laghdú a dhéanamh ar riosca na bochtaineachta i measc mná scothaosta?

Neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a mhéadú ar feadh an tsaol

Ní mór dul i ngleic leis an neamhionannas inscne sa mhargadh saothair; leis an easpa beart atá á ndéanamh chun an chothromaíocht oibre is saoil a fheabhsú; agus leis an dóigh neamhchothrom a gcomhroinntear cúram neamhíoctha agus obair theaghlaigh agus an easpa aitheantais a thugtar dóibh. Is nithe iad sin a bhaineann an bonn go córasach ó neamhspleáchas eacnamaíoch na mban. Is féidir an tionchar atá ag an neamhionannas a fhulaingíonn mná ar fud a saoil a fheiceáil go háirithe nuair atá siad ag dul in aois. Is lú i bhfad an chosaint a bhíonn ag mná scothaosta ar bhaol na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta ná an chosaint a bhíonn ag fir scothaosta ar an mbaol sin. Cuid thábhachtach de neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a mhéadú agus den neamhionannas ar feadh an tsaol a chomhrac san fhadtárma is ea peirspictíocht inscne agus peirspictíocht conaire saoil a chomhtháthú isteach i ndéanamh beartas.

Toisc eile atá ag brú daoine scothaosta amach as an margadh saothair is ea an t-aoiseachas. Is é is an t-aoiseachas ann ná idirdhealú a dhéanamh in aghaidh duine ar bhonn a (h)aoise, rud is cúis le dúshlán níos géire do mhná scothaosta, ar mná iad a d'fhéadfadh an gnéasachas a fhulaingt freisin.


Is féidir an tionchar atá ag an neamhionannas a fhulaingíonn mná ar fud a saoil a fheiceáil go háirithe nuair atá siad ag dul in aois.



Cuireadh an tionscnamh **Smaoinigh, Gníomhaigh agus Tuairiscigh** ar bun chun an t-idirdhealú san ionad oibre a chosc, lena n-áirítear idirdhealú ar bhonn aoise agus idirdhealú ar bhonn inscne. Ba é Rialtas na Breataine a chuir an tionscnamh ar aghaidh agus tá sé ar cheann de na deachleachtais ar aithin EIGE iad. Tugtar spreagadh do chuideachtaí leis an tionscnamh smaoineamh faoin gcomhionannas inscne ina bhfórsa saothair, go háirithe i dtaca le hearcaíocht, coinneáil, ardú céime agus pá. Féach suíomh Gréasáin EIGE chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dheachleachtais.

⁽³⁾ An Coimisiún Eorpach (2016), Tuarascáil 2015 ar Chomhionannas idir Fir agus Mná, atá ar fáil ag: http://ec.europa.eu/justice/gender-equality/files/annual_reports/2016_annual_report_2015_web_en.pdf

Fíor 2 – Neamhghníomhaíocht daoine scothaosta de réir inscne (idir 55 bliana d'aois agus 64 bliana d'aois, 2014)



Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair (LFS) (lfsa_ipga).

Córais chosanta sóisialta a choigeartú ar aon dul leis na dúshláin reatha

Ní mór úsáid a bhaint as córais chosanta sóisialta agus beartais in aghaidh na bochtaineachta chun dul i ngleic le dúshláin nua amhail pobal a bhíonn ag dul in aois, struchtúir theaghlaigh a bhíonn ag athrú, sreafaí nua imirce agus foirmeacha agus dálaí fostaíochta a bhíonn ag athrú. Ní mór go bhfuil na córais agus na beartais sin in ann cosaint eacnamaíoch dhóthanach a chinntiú le haghaidh foirmeacha traidisiúnta fostaíochta ar feadh an tsaoil agus ní mór go gcuirtear san áireamh iontu na daoine sin atá ag déanamh obair chúraim neamhíochta, na daoine sin atá ag obair i bpost neamhchaighdeánach nó forbhásach agus na daoine sin a gcuirtear isteach ar a ngairm de bharr na bhfreagrachtaí cúraim atá orthu.

Leis an athbhreithniú bliantúil ar bheartais eacnamaíochta an Aontais Eorpaigh (próiseas an tseimeastair Eorpaigh), tugtar an deis chomhionannas inscne ar feadh an tsaoil a neartú tuilleadh trí dhul i ngleic leis an neamhionannas inscne i gcórais phinsin. D'fhéadfadh go dtabharfaí creidmheas cú leordhóthanach d'fhir agus do mhná as tréimhsí cúraim agus go gcinnteofaí go mbíonn cothroime rochtana ar scéimeanna pinsean stáit ag daoine atá féinfhostaithe, neamhghníomhach, dífhostaithe nó ag obair i bpost neamhghnáth. Chun slándáil a chinntiú sa tseanaois, ní mór feabhas a chur ar an bhfáil agus an rochtain ar sheirbhísí sóisialta a chuirtear ar fáil don phobal, lena n-áirítear cúram sláinte agus cúram fadtéarmach.

Sineirgí a chothú ar fud réimsí difriúla beartais agus laistigh díobh

I measc grúpaí difriúla ban agus fear, amhail daoine óga agus seandaoine, imirce, tuismitheoirí aonair, Romaigh agus daoine

faoi mhíchumas, is amhlaidh go bhfuil an-éagsúlacht ann sna cúiseanna leis an mbochtaineacht agus sna héispéirís a bhíonn acu uirthi. Is féidir beartais dhifriúla a úsáid chun dlús a chur lena chéile. Chun dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtaí leis na bunchúiseanna atá taobh thiar den bhochtaineacht agus den chuimsiú sóisialta, dá bhrí sin, d'fhéadfaí leas a bhaint as sineirgí níos láidre idir straitéisí in aghaidh na bochtaineachta agus beartais eacnamaíochta agus shóisialta amhail beartais maidir leis an gcomhionannas inscne, an fhostaíocht, an cánachas, an teaghlach agus an tithíocht. Mar shampla, is féidir tuilleadh cosanta a thabhairt do dhaoine ar an mbochtaineacht más rud é go gcuirtear sochair dhífhostaíochta ar fáil agus go gcomhlánaítear na sochair sin le bearta lena gcabhraítear le daoine dul isteach sa mhargadh saothair an athuir. Is féidir iad a neartú tuilleadh ach seirbhísí cúraim a chur ar fáil do leanaí, do chleithiúnaithe scothaosta agus do dhaoine atá tinn nó faoi mhíchumas.

Áiteanna ar féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó EIGE

- Leis an **Ardán Príomhshruthaithe Inscne**, soláthraítear treoir agus uirlisí do dhéantóirí beartas atá ag iarraidh peirspictíocht inscne a phríomhshruthú isteach i mbeartais in aghaidh na bochtaineachta. Tá rannán ar leith ann ina bpléitear "an bhochtaineacht".
- Tugtar na figiúirí is déanaí ar an inscne agus ar an mbochtaineacht san Aontas Eorpach leis an **mBunachar Sonraí Staitisticí Inscne**. Is féidir na sonraí ó na Ballstáit uile a chur i gcomparáid lena chéile.
- Leis an **Lárionad Acmhainní agus Doiciméad**, soláthraítear naisc chuig foilseacháin ar an mbochtaineacht ar feadh an tsaoil. Is féidir iad a aimsiú go réidh ach an fheidhm chuardaigh eochairfhocal a úsáid.

Táirgeann EIGE tuarascálacha rialta ina ndéantar athbhreithniú ar réimsí éagsúla de Chlár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA), de réir mar a iarrann na huachtaránachtaí ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh iad. Tá an bhileog faisnéise seo bunaithe ar an tuarascáil dar teideal "An bhochtaineacht, an inscne agus an neamhionannas trasnach san Aontas Eorpach". Ullmhaíodh an tuarascáil sin ar iarratas Uachtaránacht na Slóvaice ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh (2016). Déantar iniúchadh sa tuarascáil ar an dul chun cinn a rinneadh idir an bhliain 2007 agus an bhliain 2014 ar bhaol na bochtaineachta a laghdú i measc na mban le go mbeadh sé ar chomhréim le baol na bochtaineachta i measc na bhfear. Déantar iniúchadh inti freisin ar an dul chun cinn a rinneadh sa tréimhse sin ar bhaol na bochtaineachta a laghdú i measc grúpaí sonracha i mbaol, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair, daoine faoi mhíchumas, imirce agus Romaigh.

I measc na dtuarascálacha is déanaí eile tá:

- Comhionannas inscne i gcumhacht agus sa chinnteoireacht (2016);
- Bearna inscne i bpinsin san Aontas Eorpach (2015);
- Comhionannas inscne agus neamhspleáchas eacnamaíoch: obair pháirtaimseartha agus féinfhostaíocht (2014).

Is féidir gach tuarascáil agus foilseachán maidir le Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising (BPfA) a d'fhoilsigh EIGE roimhe seo a léamh ag <http://eige.europa.eu/monitoring-the-bpfa>



An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mhná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saineolas sonrath agus sonraí inchoimparáide iontaofa a chur ar fáil dóibh maidir leis an gcomhionannas inscne san Eoraip.

© An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, 2017
Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-adhmaítear an fhoinse.
Grianghraif: Shutterstock.



An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EIGE

Gedimino pr. 16

LT-01103 Vilnius

LITUVA/LITHUANIA

Print: MH-06-16-074-GA-C 978-92-9470-171-8 10.2839/12360


PDF: MH-06-16-074-GA-N 978-92-9470-149-7 10.2839/792091

Sonraí teagmhála

<http://eige.europa.eu/> 

facebook.com/eige.europa.eu 

twitter.com/eurogender 

youtube.com/user/eurogender 

eige.sec@eige.europa.eu 

+370 52157444 